



# GAELCHOLÁISTE CHOILM

**Cruinniú Boird - Dáta:** 10ú Márta 2020

<b>Baill i Láthair:</b>	<input type="checkbox"/> M. Sliney <input type="checkbox"/> D. Ó Gallchóir <input type="checkbox"/> Á. Ní Neachtáin <input type="checkbox"/> C O Céilleachair <input type="checkbox"/> U O Donnell <input type="checkbox"/> C. Ó Donnabháin <input type="checkbox"/> M. Uí Dhonnabháin <input type="checkbox"/> L. Ó Callanáin <input type="checkbox"/> E. Mac Meanmain <input type="checkbox"/> O. Ní Chathasaigh <input type="checkbox"/> D. O Laoire <input type="checkbox"/> N. Ni Drisceoil. <input type="checkbox"/> L. Crowe
<b>Miontuairiscí curtha i láthair ag gCathaoirleach:</b>	Dáta: Ghlac <input checked="" type="checkbox"/> Níor ghlac <input type="checkbox"/>
<b>Clár an Cruinnithe seo:</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Fáiltiú</li><li>• Miontuairiscí</li><li>• Comhfhreagras</li><li>• Tuairisc ón bPríomhoide Tánaisteach</li><li>• Tuairisc ón gCathaoirleach</li><li>• Tuairisc ón Múinteoir i bhFeighil</li><li>• Tuairisc ón bPríomhoide</li><li>• Aon Ghnó Eile</li><li>• Tuairisc Comhaontaithe</li></ul>
<b>Cathaoirleach:</b>	Toghadh Dan O Laoire mar chathaoirleach sealadach. Fáiltíodh roimh na baill nua
<b>Tuairisc an Príomhoide Tánaisteach:</b>	Don chéad uair bhí scoláirí 6ú bliana ag freastal ar na cruinnithe tuismitheoirí Úsáideadh an spórtlann agus an chultúrlann do na cruinnithe agus bhí níos mó spáis Ar an 23ú Eanáir bhí cruinniú le tuistí na 1ú bliana Beidh Doireann Ní Mhuineacháin mar oide bliana acu- 83 dalta Beidh ETBI ag déanamh físeáin bolscaireachta do scoileanna ach déanfaidh an GC a cheann féin Ar an 7ú Eanáir bronnadh na gradaim CETB – 9 ón nGC ina measc. Bhí torthaí ardeiste den scoth. Bhí Lá CPD faoin Teastas Sóisearach ag múinteoirí maidir le tuairisciú agus measúnú. Maidir le folláine tháinig “Jigsaw” chun labhairt le lucht na dara bliana agus d’eagraigh siad ceardlann. Bhí caint “The Children of the Digital Age” do

	<p>tuismitheoirí na chéad bliana.</p> <p>Bhí “Lá Folláine” ag an 5ú bliain inar deineadh Yoga, Machnamh, corp oideachas &amp; ceardlanna eile.</p> <p>Maidir le curraclam na 5ú bliana , bualadh le gach dalta chun tathaint orthu na roghnaithe trí Ghaeilge a dhéanamh. Bhí 4 bhloc ann le 10/11 ábhar agus 2 ábhar trí Ghaeilge I ngach bloc.Maidir le curraclam na 1ú bliana beidh 4 rang eolaíochta agus 2 rang gnó le gach ábhár trí Ghaeilge.</p> <p>Maidir leis an gcód iompair tá athbhreithniú ar siúl faoi láthair agus lorgófar tuairimí na tuistí &amp; na ndaltaí chomh maith.</p> <p>Ag eascairt as Tuairisc an Phríomoide Thánaisteach fiosaíodh an féidir na hábhair atá ar siúl trí Ghaeilge chomh maith leis na hábhair atá ar fail trí Ghaeilge maraon le soiléiriú sonrach idir churraclam an 5ú agus an 6ú bliain.</p> <p>Moladh chomh maith go scaoilfí amach éascaitheoirí trí Ghaeilge más féidir mar go bhfuil gearghá leo.</p>
<p><b>Tuairisc an Múinteoir i bhFeighil:</b></p>	<p>Tá an Coiste Gaeilge agus Coiste Gaelbhreatach ag obair chun an Ghaeilge a chur chun cinn i saol na scoile I measc na scoláirí. Maidir leis an bplean Forbartha na Gaeilge deintear nathanna &amp; pointí gramadaí seachtainiúla a chleachtadh I saol na ndaltaí. Maidir leis an scéim Gaelbhreatach tá coiste múinteoirí agus scoláirí ag eagrú imeachtaí ar nós ciorcal cainte, biongó 7rl. Tháinig “Seóbóthar” chun cur i láthair a dhéanamh ar shaol na gaeilge I gcúrsaí oibre &amp; an saol iar scoile. Tá turas chun na Fraince ar siúl faoi láthair le scoláirí na hidirbhliana.</p> <p>Tháinig ard-mhéara na cathrach ar cuairt chuig pobal na scoile sa chultúrlann D’eagraíodh éigse le Diarmuid Feirtéar – an staraí agus éigse filíochta chomh maith.</p> <p>Tá an múinteoir Clár nic Áinle I mbun cúrsa maidir le trealamh físe ó dheontas clár Techspace.</p> <p>Comhgairdeas le Oran ÓSúilleabháin a fuair aitheantas don 100% a fuair sé sa cheimic san ardteist.</p> <p>Comhgairdeas le hÁine-Cáit Ní Cheallacháin ar a bronnadh scoláireacht Quercus toisc a torthaí ardteiste.</p> <p>Comhgairdeas le Cormac Harris &amp; Alan OSullivan a bhain príomhdhuais Eolaithe Óga na bliana 2020.</p> <p>D’eirigh thar barr leis an gceoldráma “Chicago” ó thaobh na hidirbhliana de roimh Nollaig.</p> <p>Bronnadh duais Rotary Ireland ar Oisín Ó Síocháin agus dá bharr d’fhreastal sé ar ócáidí sa Dáil, I Stormont agus sa Bhruiséál.</p> <p>D’eirigh leis an ngrúpa ceoil “Blaist” dul chomh fada leis an chraobh de Siansa sa cheoláras Náisiúnta.</p> <p>Fuair an idirbhliain na JCPA nua maraon leis na tuairiscíní ar na MRBanna sa teastas phróifíl.</p>
<p><b>Tuairisc an Phríomhoide</b></p>	<p>Tháinig ciorcalán ar an bpróiseas iontrála. Cloíann ár bpolasaí (Gaelcholáiste) le formhór na riachtanaisí.Moladh go gcuirfí Gaelscoil an Chaisléain le liosta na ngaelscoileanna ag pointí 2 &amp; 3 sa cháipéis agus go ndéanfaí athbhreithniú ar phointí 4&amp;5 agus go gcuirfí an dréacht nua ar fáil don chéad chruinniú eile.Beidh doiciméad don phróiseas nua le seoladh ar aghaidh chuig an ETB go luath.</p> <p>Tháinig ciorcalán maidir leis an stair a bheith ina ábhar lárnach den Teastas Sóisearach agus bhí an scoil ag comhlíonadh na dualgaisí cheana maidir leis na críteirí sin.</p> <p>Maidir leis na SLARs tháinig ciorcalán maidir le heagrú na cruinnithe do na múinteoirí.</p> <p>Maidir leis an síneadh nua níl aon uasdátú ón ETB. Tá foirgneamh CC/GC ar barr an liosta .</p> <p>Ní fios fós cé a bheidh ina phátrún ar an méanscoil nua I mBaile An Chollaigh.Tá sé</p>

	<p>le bheith ar an bhfód I MF 2021 ach beidh ár bpróiseas iontrála críochnaithe I DF 2020 don MF 2021.</p> <p>Pé meánscoil Béarla nó meánscoil Gaeilge í beidh impleachtaí ann don Ghaelcholáiste. Tá sé an-deacair pleanáil a dhéanamh don todhcaí sa chomhthéacs seo. Tá brú ollmhór ar an scoil ó thaobh spáis de.</p> <p>Déanadh comhbhrón ar son an bhoird le muintir Joan Faherty agus muintir Joe Ó Donnchú, baill fóirne maidir leis na básanna ina gclann le déanaí.</p>
<b>Aon Ghnó Eile:</b>	Ní raibh aon ghnó eile.
<b>Tuairisc Comhaontaithe.</b>	<p>Déanann an bord comhgairdeas leis an 9 ndalta ó Ghaelcholáiste Choilm gur bronnadh gradaim orthu ag ócáid an Bhord Oideachas &amp; Oiliúna Chorcaí as na héachtaí a bhí déanta acu ina scrúduithe.</p> <p>Tá 83 scoláirí cláraithe le tosú I nGaelcholáiste Choilm I Meán Fomhair 2020.</p> <p>Is cúis áthais í don bhord na hócáidí ceiliúrtha ar nós an Ceoldráma Chicago, bua na nEolaithe Óga agus an grúpa ceoil “Blaist” ag dul ar aghaidh go dtí an Ceoláras Náisiúnta.</p>

**Síniú an Chathaoirligh:** \_\_\_\_\_